lasair dhearg

Is gluaiseacht í Lasair Dhearg bunaithe ag meitheal ghníomhaithe pobail agus polaitíochta. Tá sé d'aidhm acu radacú ár bpobal a chur chun cinn agus a chothú.

Tá fuascailt eacnamaíoch lucht oibre na hÉireann ina príomhchúram ag Lasair Dhearg, agus bunú Phoblacht Shóisialach Daonlathach, le prionsabail Fhorógra 1916 Phoblacht na hÉireann agus Clár Oibre Poblachtánach na Chéad Dála Éireann taobh thiar de. Creideann muid nach féidir flaitheas na hÉireann, comhionannas do chách agus fuascailt eacnamaíoch mhuintir na hÉireann a fhíorú ach le bhunú Daon-Phoblachta ina dtabharfar gach cumhacht agus smacht eacnamaíoch do choistí lucht oibre.

Is í aidhm amháin s'againn go mbunófaí na coistí seo inár bpobail de réir a chéile agus, le himeacht aimsire, aistriú cumhachta stáit agus daonlathais eacnamúil chuig na forais sin, mar bhunchloch do Phoblacht nua na nOibrithe.

1. **Geilleagar** – *Éilíonn muid daonlathas eacnamúil.*

Creideann muid nach feidhmíonn an tsamhail gheilleagrach nuachlasaiceach, atá curtha i bh-feidhm ag institiúidí stáit an lae, ach leo siúd a bhfuil smacht acu ar chumhacht eacnamúil a shai-bhriú. Nach féidir seo a réiteach ach trí athrú radacach i bpolasaí eacnamaíoch, áit a mbeidh 'soláthar' seachas 'brabús' mar bhunchúis do thrádáil agus infheistíocht eacnamaíoch. Go gcinntíonn athrú mar seo smacht daonlathach eacnamaíoch do mhuintir na hÉireann.

2. **Tithíocht** – *Éilíonn muid córas nua tithíochta, oiriúnach don fheidhm.*

Creideann muid gur ceart daonna é teach, seachas uirlis dúshaothraithe ar mhaithe le caipiteal. Go bhfuil teideal ag gach teaghlach ar a dteach féin, le daingneacht tionachta cinnte. Gur é clár tithíochta státmhaoinithe an t-aon réiteach chun seo a bhaint amach.

3. **Fostaíocht** – *Éilíonn muid an ceart ar fhostaíocht.*

Creideann muid go bhfuil ceart ag cách beag beann ar chine, aois, inscne ná ábaltacht ar rochtain fhostaíochta ar mhaithe leo féin agus/nó a bpobal a shaibhriú. Go bhfuil dualgas ar an stát nuair nach bhfuil seo ar fáil an saibhriú sin a sholáthar agus caighdeán maith maireachtála a chinntiú ar bhealach eile.

4. **Sláinte** – *Éilíonn muid cúram sláinte saor in aisce do chách.*

Creideann muid gur ceart daonna é rochtain ar chúram sláinte ar ardchaighdeán. Gur chóir a leithéid de chúram a sholáthar trí chóras sláinte pobalmhaoinithe, saor in aisce ag an phointe úsáide. Gur gníomh mímhorálta é seirbhís sláinte ar bith a úsáid ar mhaithe le caipiteal a dhéan-amh.

5. **An teanga** – *Éilíonn muid athréimniú na teanga dúchais.*

Creideann muid gur cuid dílis de náisiún na hÉireann í an Ghaeilge. Nach gcomhlánfar athghabháil na hÉireann go dtí go dtugtar a n-áit cheart do theanga agus cultúr na hÉireann mar chuid dílís de náisiún na hÉireann.

6. **Impiriúlachas** – *Éilíonn muid deireadh leis an impiriúlachas in Éirinn.*

Creideann muid gur bac é an t-impiriúlachas in Éirinn ar bhunú Phoblacht Daonlathach na nOibrithe 32 Contae, áit a n-úsáidfear acmhainní ar fad an náisiúin ar mhaithe le feabhsú an phobail ar fad. Nach mór go scoirtear impiriúlachas eacnamúil agus fioscach mar chuid de chruthú Phoblachta nua. Gur ceart bunúsach é ceart mhuintir na hÉireann iad féin a chosaint ó dhúshaothrú eacnmaíoch nó tíreolaíoch.

7. **Neamhspleáchas coirp** – *Éilíonn muid an ceart ar neamhspleáchas coirp.*

Creideann muid gur chóir go raibh neamhspleáchas iomlán ag daoine aonair ar a gcorp féin. Go bhfuil gach cinneadh sláinte a bhaineann le saol, bás, inscne, atáirgeadh nó éile ina chinneadh don duine aonair, agus go dtugtar tacaíocht do na cinntí seo trí chóras sláinte náisiúnta.

8. **Ceartas agus Póilíneacht** – *Éilíonn muid deireadh le póilíneacht pholaitiúil agus éagóir.*

Creideann muid go bhfuil na córais cheartais agus póilíneachta in Éirinn inniu truaillithe, agus go bhfuil siad le leas an rachmais. Go gcaithfidh Ceartas agus Póilíneacht freastal ar riachtanais agus cearta an phobail ar bhealach ceartaitheach. Go gcinntítear cearta na gcimí polaitiúla go dtí go scaoiltear saor iad go léir.

9. **Oideachas** – *Éilíonn muid oideachas saor in aisce agus inrochtana do chách.*

Creideann muid gur cearta daonna é rochtain ar na caighdeáin oideachais is airde. Go mbeidh oideachas ag gach leibheál ar fáil do shaoránaigh idir óg agus aosta trí chóras oideachais pobalmhaoinithe. Go bhfuil dúshaothrú aon chuid den chóras oideachais ar mhaithe le caipiteal a dhéanamh éagórach.

10. **Acmhainní Nádúrtha** – *Éilíonn muid deireadh le dúshaothrú acmhainní agus scrios timpeallachta.*

Creideann muid gur le muintir uile na hÉireann acmhainniú uile na hÉireann, ní le corparáidí a bhfuil rún acu an méid is mó brabúis agus is féidir a bhaint amach. Agus go mbainfí úsáid as gach acmhainn nádúrtha a bhaintear ón talamh nó ón fharraige ar mhaithe le feabhsú gach saoránach na hÉireann. Creideann muid go bhfuil téamh domhanda agus scrios leanúnach ár dtimpeallachta tiomnaithe go príomha ag córas eacnamaíoch domhanda dírithe ar thóraíocht bhrabúis. A fhad is atá córais eacnamaíocha nuachlasaiceacha ann, go leanfaidh le scrios ár n-acmhainn is mó, an domhan s’againn.